# Daonáireamh 2006 — Rang a 3 agus a 4

## Ceacht a hAon ~ Daonáireamh 2006

### Téama
Sonraí a bhailiú – eolas a eagrú agus a úsáid.

### Cuspóirí
Go gcuirfear ar chumas an pháiste:
- liosta a dhéanamh de na fáthanna go mbailítear fíricí agus figiúirí agus go ndéantar anailís orthu (sonraí & staitisticí)
- plé a dhéanamh ar na bealaí gur féidir sonraí a úsáid le fíor fhadhbanna an tsaoil a réiteach agus le pleanáil don todhchaí
- an próiséas bailiúcháin sonraí a mhíniú do dhaoine eile
- sonraí/eolas ar ábhar faoi leith a bhailiú
- na sonraí bailithe a léiriú ag baint úsáide as scór, blocchairt, barrachairt agus/nó cairt bharra líne

### Comhthathú agus Nascáil
**Matamaitic** Uimhir – Sórtáil, sraitheanna a chur le chéile agus a chur i gcomparáid, Comhaireamh Sonraí: A chur in iúl agus a Mhíniú
**Gaeilge** Forbairt ar an Teanga Labhartha
**SESE: Eolaíocht:** Sórtáil agus rangú

### Príomhtheachtaireachtaí
- Tá ord ag baint leis an bpróiseás bailiúcháin sonraí
- Is féidir sonraí a úsáid le tuairimí nó tréithe grúpa daoine a léiriú
- Is féidir cúnamh a fháil le fadhbanna laethúla a réiteach trí shonraí a bhailiú agus a léiriú
- Is féidir sonraí a chur in iúl ar bhealaí éagsúla

### Foclóir
*Bailigh, eolas, sonraí, iarr, cuir ceist, liosta, foirm, taifead, torthaí, réiteach, cosc, fadhb, graf, blocghraf, barrachairt, graf barralíne, cur in iúl, earnáil*

Tá foinse fíor-mhaith ábhair don díospóireacht agus don obair scríofa sa teanga thuasluaite.

### Tascanna
- Díospóireacht ranga maidir leis an bpróiséas bailiúcháin sonraí
- Na céimeanna sa phróiséas bailiúcháin sonraí a chruthú
  - Gníomhaíocht a 1 – cártaí sórtála
  - Gníomhaíocht a 2 – bileog scóir
  - Gníomhaíocht a 3 – graif a chruthú – blocghraf / barraghraf / barraghraf líne

### Teastaíonn
- Bileoga A4 – céimeanna sa phróiséas bailiúcháin sonraí maidir leis na cineálacha leabhar is fearr linn M 1.1
- Cairt achoimre ar an bpróiseás bailiúcháin sonraí M 1.2
- Bileog scóir M 1.3
- Patrúin na nGraf
  - Bloc M 1.4
  - Barra M 1.5
  - Barra líne M 1.6

### Measúnú
Beidh na páistí in ann
- na céimeanna sa phróiséas bailiúcháin sonraí a chur san ord ceart trí chártaí pictiúir a shórtáil mar is ceart
- an t-ord seo a úsáid le sraith sonraí a chruthú maidir le leabhair
- tosú ag baint úsáide as an teanga a bhaineann leis an bpróiséas seo le cur síos a dhéanamh ar a gcuid oibre féin
- eolas a bhailiú, a léiriú agus a mhíniú agus a chur i láthair i bhfoirm ghraif
- trí chineál graif a aithint agus cur síos béil a dhéanamh orthu.

### Pointí Airde don Mhúinteoir
Déan nóta d'aon pháistí nach bhfuil fós ag baint úsáide as an bhfoclóir le plé a dhéanamh ar an bpróiséas bailiúcháin sonraí agus téigh siar ar na focail leo. Déan nóta d'aon pháistí a bhfuil deacrachtaí faoi leith acu le heolas a chur in ord agus déan é seo a láidriú i réimsí eile den churaclam. D'fhéadfaí freisin iarraidh orthu oibriú ina mbeirteanna agus an obair atá ar siúl acu a mhíniú dá chéile nó do ghrúpa ag úsáid bileoga A4 mar thacaíocht.

# Nótaí an Mhúinteora – Ceacht a 1

## Tús béil agus intinne

Dírigh obair chláir ar mhéadaithe mar réamhrá ar úsáid scála le graif a dhéanamh níos déanaí.

## Babhta tobsmaointe – eolas maidir lenár rang a bhailiú

NÓTA: Tá sraith ceachtanna ann freisin do ranganna a 1 agus a 2 a d'fhéadfadh a bheith ina gcúnamh mór le heolas cúlra muna bhfuil eolas ag do rang ar chuid de na coincheapa seo.

Cén t-eolas a bhailíonn an múinteoir inár rang? ~ aoiseanna na bpáistí; dátaí breithe; uimhreacha gutháin; freastal; torthaí scrúduithe; airgead a bhíonn ag páistí do bhainne/lóin…
Cén fáth a mbeadh an t-eolas seo ag teastáil?
Céard a tharlódh muna mbeadh an t-eolas seo bailithe riamh ná taifead déanta de? Déan plé ar a bhféadfadh tarlú mar shampla, muna mbeadh a fhios againn cén aois é gach duine; cén uimhir ghutháin atá acu nó cé mhéid páistí a dteastaíonn bainne uathu …
Déan plé ar na tuairimí agus smaointe atá ag na páistí maidir leis an gceist seo.

Cuir an focal **SONRAÍ** i láthair na bpáistí agus inis dóibh conas a bhaintear úsáid as le heolas a mhíniú i bhfoirm uimhriúil mar shampla liosta d'aoiseanna na bpáistí, torthaí scrúduithe …

## Gníomhaíocht don rang iomlán

- Déan liosta de na moltaí ón seisiún tobsmaointe faoi na ceannteidil. Déan plé ar an mbealach a chuidíonn sonraí ó gach rang le sonraí na scoile ina hiomlán. D'fhéadfaí freisin plé a dhéanamh cá dtéann na sonraí seo taobh amuigh den scoil – chuig an Roinn Oideachais agus cén fáth a mbeadh leis seo.
    - Eolas ranga
    - Eolas scoile
- Déan plé ar an mbealach go bhféadfaí an t-eolas seo a úsáid le cuidiú le heagrú ranga/scoile. Spreag na páistí le smaoineadh ar bhealaí go bhféadfadh bailiú sonraí cúnamh a thabhairt le fadhbanna laethúla a réiteach sa seomra ranga, mar shampla cuidíonn torthaí scrúduithe na bpáistí a bhailiú leis an dul chun cinn atá na páistí ag déanamh a léiriú agus is féidir leo taispeáint cá bhfuil cúnamh ag teastáil; is féidir le liosta de sheoltaí na bpáistí a bheith úsáideach nuair atá litreacha scoile á sheoladh abhaile …
- Tabhair fadhb do na páistí le réiteach, feabhas a chur ar úsáid leabharlann an ranga/na scoile mar shampla. Spreag na páistí le moltaí a thabhairt maidir leis na rudaí atá míshásúil sa leabharlann, mar shampla "is fearr linn leabhair atá scríofa ag údair eile"; "tá cuid de na leabhair ró-dheacair"; "ba mhaith linn éagsúlacht leabhar"; "Tá sé deacair am a fháil sa leabharlann i rith an lae scoile"…
- Roghnaigh ceann de na ceisteanna a thagann chun solais i rith na díospóireachta seo. Baineann an sampla a thugann muid anseo le cineálacha leabhar ach d'fhéadfá díriú freisin ar údair. Iarr ar na páistí cé na sonraí a bheadh ina gcúnamh leis an leabharlann a fheabhsú.
- Cuir tús le díospóireacht ar chineálacha leabhar atá ar fáil cheana i leabharlann an ranga.
- Labhair leis na páistí faoi na bealaí gur féidir na sonraí seo a bhailiú ar nós liosta a dhéanamh de ainmneacha na bpáistí agus na cineálacha leabhar is fearr leo a liostáil ag baint úsáide as bileog scóir leis na torthaí a thaifead. Beidh orthu freisin earnálacha a fhorbairt, mar shampla, Finscéalaíocht, Síscéalta &rl agus aontaigh orthu sin sula dtosaíonn siad ag bailiú na sonraí.
- Déan plé ar na bealaí éagsúla leis na sonraí a léiriú nuair atá siad bailithe, mar shampla, blocghraf, barrachairt, graf barralíne …. B'fhéidir go mbeadh sé úsáideach samplaí de gach cineál graif a bheith agat le plé a dhéanamh orthu – d'fhéadfá úsáid a bhaint as cuid atá déanta acu i gcomhthéascanna eile nó cuid atá ar fáil in irisleabhair.

- Déan plé ar na bealaí go bhféadfadh sibh úsáid a bhaint as na sonraí seo nuair atá siad bailithe agaibh, mar shampla, b'fhéidir go bhféadfaí teagmháil a dhéanamh leis an leabharlanaí áitiúil le teacht ar chuid de na cineálacha leabhar a lua na páistí agus iad ag bailiú na sonraí agus ag déanamh anailíse orthu.

## Gníomhaíocht a 1: An Próiséas Bailiúcháin Sonraí a Thuiscint

Iarr ar na páistí cur síos a dhéanamh ar an ord a bhaineann le sonraí a bhailiú agus déan nóta ar bhileoga páipéir. 'Céard a theastaíonn uainn a dhéanamh ar dtús? an dara rud? agus ansin? Ansin bain úsáid as na cártaí **M 1.1** agus as an gcairt achoimre **M 1.2** le ord na gníomhaíochta a léiriú.

**Céim a 1:** Cuir an cheist i.e. Cén cineál leabhair is fearr leat?
**Céim a 2:** Bailigh na sonraí agus déan iad a léiriú
**Céim a 3:** Cuir na sonraí in iúl ag baint úsáide as graf
**Céim a 4:** Bain úsáid as na sonraí le fadhbanna a réiteach

Tar éis na díospóireachta, is féidir na cártaí a thabhairt do pháistí aonair agus is féidir leo seasamh in ord – iarr ar na páistí a mhíniú cén fáth go gcaithfear rudaí a dhéanamh in ord faoi leith. Ba cheart béim a leagan ar na gníomhaíochtaí a bhaineann le próiséas bailiúcháin na sonraí a chur in ord agus a eilimintí a phlé.

## Gníomhaíocht a 2: Sonraí a bhailiú

Cén cineál leabhair is fearr leat?

1. Tabhair amach na bileoga scóir do na páistí **M 1.3** agus fáigh amach ar bhaineadar úsáid cheana as bileog scóir.
2. Taispeáin do na páistí conas an scór a choinneáil trí fhreagraí a mharcáil i ngrúpaí de chúig (ag baint usáide as cheithre líne ingearach agus líne amháin trasna an ghrúpa mar chúigiú líne)



3. Iarr ar gach páiste an cineál leabhair is fearr leis/léi a ghlaoch amach agus ina mbeirteanna is féidir leis na páistí gach freagra a thaifead ar a b(h)ileog scóir.
4. Gach uair a luaitear an cineál sin tarraing líne sa cholún cuí scóir.
5. Déantar an cúigiú líne a tharraingt tríd an gceithre líne. D'fhéadfadh sé go mbeadh fuílleach ann freisin.
6. Nuair atá freagra tugtha ag gach páiste déantar na hiomlána do gach earnáil a áireamh.

## Gníomhaíocht a 3: Sonraí a léiriú

1. Nuair atá na sonraí bailithe beidh sibh in ann iad a léiriú i bhfoirm ghraif, mar shampla, blocghraf, barrachairt cothrománach nó ingearach…
2. Bain úsáid as patrúin na ngraf le cúnamh a thabhairt do na páistí ceann de na graif thuasluaite a chruthú. Is féidir le grúpaí páistí graif éagsúla a chruthú. D'fhéadfaí ansin iad seo a chrochadh sa seomra ranga agus plé a dhéanamh orthu.
3. Is féidir ansin na graif a chur i gcomparáid lena chéile agus na torthaí a scrúdú agus anailís a dhéanamh orthu le n-úsáid sa seomra ranga. Beidh sé seo ina fhoinse bhreá díospóireachta don rang iomlán.

4. Déan cinneadh cén chaoi a bhféadfaí na sonraí a úsáid le cinntiú go mbaintear níos mó úsáide as leabharlann an tseomra ranga. An féidir linn rogha gach duine a shásamh? Céard a dhéanfar muna bhfuil ach duine amháin a dtaitníonn earnáil faoi leith leis/léi– an bhfaighfimid leabhair dó/dí? Má thaitníonn earnáil faoi leith le go leor daoine an ceart dúinn díreach an cineál leabhair sin amháin a bheith ar fáil againn? Céard iad na buntáistí a bhaineann le rogha leathan leabhar a bheith i leabharlann an tseomra ranga/ na scoile? An mbeadh na sonraí seo fíor gach bliain do rang a 3? An mbeadh na sonraí céanna ceart do rang a 6? Do rang a 1? Céard a dhéanfaimid anois leis na sonraí? (D'fhéadfaí na páistí a spreagadh le moltaí a dhéanamh maidir le labhairt leis an leabharlann áitiúil, díolachán saothair a eagrú le hairgead a bhailiú le leabhair nua a cheannach, leabhair a thabhairt isteach atá léite acu cheana sa bhaile….)

## Rang Iomlán

Céard a rinne muid inniu? Faigh amach an bhfuil na príomhtheachtaireachtaí ag na páistí tríd iad a cheistiú:

- Baineann ord faoi leith leis an bpróiseás bailiúcháin sonraí

  *Lig ort go bhfuil tú ag míniú ciorcal bailiúcháin na sonraí do do pháirtí – an féidir leat insint dó/dí an t-ord ina tharlaíonn ciorcal bailiúcháin na sonraí?*

  *Mar imeacht don rang iomlán cuir na cártaí ó chiorcal an daonáirimh i bhfolach agus iarr ar na páistí an chéad chéim a lua, an dara céim agus mar sin de. Nuair a luann páiste céim tabhair dó/di an cárta cuí agus iarr air/uirthi seasamh in ord ag barr an tseomra.*

- Is féidir sonraí a úsáid le tuairimí agus tréithe grúpa daoine a thaispeáint – cén chaoi a ndearna muid é sin inár rang? Cén chaoi a mbaintear úsáid as sonraí ag leibhéal scoile?
- Is féidir cúnamh a fháil le fadhbanna laethúla a réiteach trí shonraí a bhailiú agus a léiriú – céard í an fhadhb a bhí le réiteach againn agus cén chaoi ar éirigh linn í a réiteach ag baint úsáide as na sonraí?
- Tá trí bhealach difriúil ann le sonraí a léiriú – cén cineálacha graf a d'úsáid muid? Cé acu a cheapann tú is fearr a oibríonn? Cén fáth?

### *Obair bhreise*

- An bhfuil aon fhadhbanna eile ann go bhféadfadh muid réiteach a fháil orthu trí shonraí a bhailiú? D'fhéadfadh trí nó ceithre ghrúpa páistí fadhb a aithint le réiteach agus ansin d'fhéadfadh siad an próiséas a leanúint agus na graif a dhéanann siad a chur i láthair an ranga. I measc na n-ábhar b'fhéidir go mbreathnódh siad ar dhath súile agus gruaige, líon na n-áiritheoirí sa teaghlach, &rl.
- Bailigh sonraí ó rang nó ó ranganna eile taobh istigh den scoil agus cuir i gcomparáid iad leis na sonraí ó do rang féin. D'fhéadfadh beirt nó grúpa páistí é seo a dhéanamh. An bhfuil na torthaí mar a chéile nó an bhfuil aon difríochtaí iontu? An dtuigeann tú cén fáth go mbeadh na difríochtaí sin ann?

## Naisc bhaile/scoile

Déan fotachóipeanna de ghraif na ngrúpaí ionas gur féidir le gach páiste ceann a thabhairt abhaile agus é a phlé lena t(h)eaghlach.

**M 1.1**


# Cuir an cheist

# Cén cineál leabhair is fearr leat?

# Bailigh na sonraí agus déan iad a thaifead

# Léirigh na torthaí ar ghraif

# Bain úsáid as na sonraí le fadhbanna a réiteach


Cuir an cheist
Cén leabhar is fearr leat?
Bailigh agus cuir ar ais na sonraí
Léirigh na sonraí ar ghraif
Bain úsáid as na sonraí le fadhbanna a réiteach

M 1.3

# Coinnigh an scór

Cén cineál leabhair is fearr leat?

*Scrúdaimis:*

| Earnáil | ⟍ Scór IIII | Iomlán |
|---|---|---|
| Finscéalaíocht | | |
| Síscéalta | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

- Cé mhéid cineálacha a bhí ar an liosta ?
- Cén cineál is mó a thaitin leis na páistí?
- Cén cineál is lú a thaitin leis na páistí?
- Liostaigh na cineálacha in ord ag tosú leis an gcineál is mó a thaitníonn leis na páistí go dtí an cineál is lú a thaitníonn leo

  ________________________________________________________________

  ________________________________________________________________

- Liostaigh cuid de na leabhair san earnáil is fearr leat

  ________________________________________________________________

  ________________________________________________________________

- Cén chaoi a bhféadfaí úsáid a bhaint as an eolas thuasluaite sa seomra ranga?

M 1.4

# Blocghraf

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |

Na Cineálacha leabhar is fearr linn

# Barrachairt

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 10 | | | | | | | | | |
| 9 | | | | | | | | | |
| 8 | | | | | | | | | |
| 7 | | | | | | | | | |
| 6 | | | | | | | | | |
| 5 | | | | | | | | | |
| 4 | | | | | | | | | |
| 3 | | | | | | | | | |
| 2 | | | | | | | | | |
| 1 | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |

Na Cineálacha Leabhar is Fearr Linn

M 1.6

# Barraghraf Líne

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 10 | | | | | | | | | |
| 9 | | | | | | | | | |
| 8 | | | | | | | | | |
| 7 | | | | | | | | | |
| 6 | | | | | | | | | |
| 5 | | | | | | | | | |
| 4 | | | | | | | | | |
| 3 | | | | | | | | | |
| 2 | | | | | | | | | |
| 1 | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |

Na Cineálacha Leabhar is Fearr Linn